## Cinéalacha Sonraí Pearsanta próiseáilte:

- Sonraí aitheantais: ainm, aois, inscne agus sonraí teagmhála.
- Eolas ar theaghlach, stíl mhaireachtála, cúinsí pearsanta agus sóisialta.
- Eolas sláinte, leasa agus a bhaineann le drochúsáid ghnéasach leanaí.

## Ag brath ar na cúinsí, d'fhéadfaí na Sonraí Pearsanta seo leanas a phroiseáil:

- Eolas oideachais, fostaíochta, inimirce agus airgeadais.
- Eolas ar bhunús cine agus eitneach, ar chreideamh nó thuarimí politiúla.
- Sonraí a bhaineann le cionta coiriúla, coireanna nó ordú cúirte.

## D'fhéadfaí eolas a roinnt le:

- An Garda Síochána (AGS).
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus gairmithe cúraim shláinte.
- Tacadóir Leanaí.
- Caomhnóir ad litem.
- Ateangaire (de réir mar is gá).
- Idirghabhálaí seachtrach, a chuidíonn le teagmháil leis an chóras dlí ionas go dtuigeann leanaí agus daoine óga, agus go dtuigfear iad.
- Seirbhísí seachtracha a bhaineann leis an leanbh agus an teaghlach.
- Seirbhísí an phobail agus eagraíochtaí deonacha.
- Más gá, Oibrí Sóisialta do CASP (Gnás Bailíochtaithe Drochúsáid Leanaí).

## Cuspóir agus Bonn Dlíthiúil

**Is é ár gcuspóir sonraí pearsanta a phróiseáil chun seirbhísí Barnahus a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga.**

Tá muid ag brath ar an Bhonn Dlíthiúil seo thíos sonraí pearsanta a bpróiseáil:-

- Riachtanach do chomhlíonadh le dualgas dlíthiúil ina bhfuil Tusla faoi réir, go háirithe Alt 8 den Acht Fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013.
- Comhlíonadh tascanna ar mhaithe le leas an phobail nó i gcur i bhfeidhm údaráis oifigiúil dílsithe i dTusla.

Tá muid ag brath ar an Bhonn Dlíthiúil seo thíos sonraí catagóire speisialta a bpróiseáil:-

- Riachtanach do na cúspóirí de sholáthar sláinte, cúraim shóisialta, nó cóireáil.

**Cearta Chosaint Sonraí:** Tá cearta dlíthiúla ag gach duine maidir lena sonraí pearsanta. Le tuilleadh eolais ar chosaint sonraí nó na cearta sonraí seo a fheidhmiú, amharc ar an phríomhfhógra Cosaint Sonraí Tusla ar fáil ar **tusla.ie**.

TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

**tusla.ie**


BARNAHUS





# FÓGRA UM CHOSAINT SONRAÍ

Rinneadh athbhreithniú ar an fhógra in Aibreán 2024



## Réamhrá...

Is é Barnahus an príomhmhúnla Eorpach de fhreagra ildisciplíneach atá oiriúnach do pháistí chun seirbhísí sláinte, leighis, chosaint leanaí, teiripeach, agus rialaithe do leanaí agus déagóirí más imní, nó nochtadh ann de dhrochúsáid ghnéasach leanaí a imeascadh. Tá sé mar aidhm ag Barnahus freagra idirghníomhaireachta de chuid Éireann do mhí-úsáid ghnéasach agus drochúsáid leanaí a fheabhsú. Soláthraítear Barnahus ag **Tusla, An Garda Síochána (AGS) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)**.

Nuair a bhíonn inní ar Tusla go bhfuil seans ann gur fhulaing leanbh drochúsáid ghnéasach leanaí, atreoróidh Tusla an leanbh, le haontú tuismitheora, chuig Barnahus. Tagann na páirtithe idirghníomhaireachta le chéile chun freagra don leanbh a chomhordú agus na chéad chéim eile a aontú.

Tá cuma ar phróiseas Barnahus mar seo agus d'fhéadfaí na rudaí seo leanas a bheith san áireamh:

- Scrúdú dochtúra chun tacú le biseach ar shláinte fhisiciúil agus mheabhairshláinte an linbh, chomh maith le húsáid fhóiréinseach imscrúdaitheach.
- Sainagallamh fóiréinseach chun aighneacht fisfhianaise réamhthaifeadta ó íospartach linbh a éascú mar fhianaise chúirte agus chun athagallamh den leanbh a sheachaint. Ag comhoibriú lena chéile, tá na hoibrithe sóisialta agus na Gardaí sainoilte chun cumarsáid a dhéanamh le leanaí ar fhulaing tráma chun an t-eolas den chaighdeán is airde a fháil uathu i mbealach atá oiriúnach do leanbh. Buailfidh na hagallóirí leis an tuismitheoir/caomhnóir agus leis an leanbh sula dtarlaíonn an t-agallamh.
- Socróidh scagthástáil agus measúnacht theiripeach cén teiripe gur féidir an leanbh nó teaghlach leas a bhaint as. Is féidir teiripe a sholáthar ag Barnahus mar idirghabháil ghearrthéarma nó beidh muid ag obair leat agus le do leanbh chun seirbhísí i do cheantair a aithint.

**Is féidir achoimre a dhéanamh ar phróisis Barnahus mar...**

- Comhairliúchán neamhfhoirmiúil
- Atreorú chuig Barnahus
- Cruinnithe Idirghníomahireachtaí
- Scrúdú dochtúra agus fóiréinseach (FSS)
- Sainagallamh fóiréinseach (AGS)
- Seirbhís(í) teiripe
- Clabhsúr